


# PRÍOMHCHILEANNA na SRAITHE SÓISEARAÍ

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# PRÍOMHSCILEANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Teastaíonn réimse leathan scileanna ó fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin iomadúla a chuirtear fúthu i saol an lae inniu. Forbraíonn siad scileanna ar leith sna hábhair agus sna cúrsaí eile a dhéanann siad. Ach tá gá le scileanna níos ginearálta chomh maith chun tacú le foghlaimeoirí ina saolta pearsanta, sóisialta agus oibre.


Is iad na sé phríomhscil de chuid na sraithe sóisearaí ná Mé Féin a Bhainistiú, Fanacht Folláin, Cumarsáid, A Bheith Cruthaitheach, Obair le Daoine Eile, agus Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú. Tá obair le teicneolaíochtaí digiteacha ina cuid de gach ceann de na scileanna seo chomh maith.




Léiríonn taighde a rinneadh in éineacht le múinteoirí agus le foghlaimeoirí sa seomra ranga go bhfuil baint ag na scileanna seo leis na hábhair uile agus go bhfeabhsaíonn siad an t-eispéireas foghlama. Mar sin, beidh siad fite fuaite leis an gcuraclam sna ráitis foghlama agus i sonraíochtaí an churaclaim. Spreagtar múinteoirí chun iad a úsáid agus iad ag pleanáil ranganna, ina gcur chuige teagaisc agus sa mheasúnú.

Tacaíonn na príomhscileanna leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht a fhorbairt chomh maith. Dhá scil thábhachtacha eile iad seo maidir le foghlaimeoirí a chumasú chun an curaclam a rochtain. Mar shampla, beidh scileanna cumarsáide, scileanna fadhbréitigh,

# PRÍOMHSCILEANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ




agus scileanna rochtana agus roghnaithe faisnéise ina gcúnamh le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta. Ní liostaítear an litearthacht agus an uimhearthacht mar phríomhscileanna, ach tuigtear go bhfuil siad mar bhonn agus thaca ag an gcuraclam agus go mbeidh siad comhtháite le gach leibhéal an churaclaim agus lena mheasúnú.

Beidh gá le cur chuige cruthaitheach i leith an teagaisc agus na foghlama d'fhonn na scileanna seo a fhorbairt ar bhealach a daingneoidh i saolta laethúla na mic léinn iad. Caithfidh teagmháil a bheith ag na foghlaimeoirí le gach aon cheann de na scileanna go rialta i gcomhthéacsanna éagsúla ó cheann ceann an lae scoile. Mar gheall ar go bhfuil na príomhscileanna seo fite fuaite leis an gcuraclam agus go dtéitear i ngleic leo trí na heispéiris foghlama a bhraitear, luíonn sé le réasún gur chóir iad a chur san áireamh agus an measúnú á phleanáil chomh maith.

Sa cháipéis seo feicfear go leagtar amach gach príomhscil mar fhoireann gnéithe agus go ndéanann na torthaí foghlama cur síos ar an méid ar chóir don fhoghlaimeoir bheith ar an eolas faoi agus na rudaí ba chóir don fhoghlaimeoir bheith in ann a dhéanamh. Tá réimse uirlisí agus ábhair thacaíochta eile le fáil ag www.juniorcycle.ie d'fhonn sampla a thabhairt ar na bealaí éagsúla a d'fhéadfaí na príomhscileanna a chur i ngníomh sa teagasc agus san fhoghlaim.

## MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ

Cabhraíonn an phríomhscil seo le foghlaimeoirí tuiscint a chothú orthu féin mar dhaoine aonair agus mar fhoghlaimeoirí ionas gur féidir leo spriocanna agus pleananna pearsanta a fhorbairt. Tugann sí cúnamh dóibh chomh maith straitéisí a fhorbairt i leith cinntí ciallmhara a dhéanamh, bearta a

## FANACHT FOLLÁIN

Aithníonn an phríomhscil seo go gcaithfear tacú le folláine fhoriomlán foghlaimeoirí mar aon lena bhforbairt intleachtach. Nuair atá siad sláintiúil, idir fhisiceach agus mhothúchánach, gníomhach ón taobh sóisialta de agus in ann aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile, bíonn foghlaimeoirí níos sásta agus níos muiníní iontu féin. Chomh maith leis sin, tugann an phríomhscil seo cúnamh do dhaoine óga éirí níos dearfaí agus níos gníomhaí ina gcuid foghlama agus tacaíonn

## CUMARSÁID

Cabhraíonn an scil seo le foghlaimeoirí dea-scileanna cumarsáide a fhorbairt i ngach gné den saol, trí mheáin éagsúla. Mar aon le scileanna litearthachta a fhorbairt, forbraíonn sí muinín na bhfoghlaimeoirí maidir le cumarsáid a dhéanamh, tuairimí a chur in iúl, scríbhneoireacht, agus maidir le léirithe ó bhéal agus taibhléirithe a chur i láthair.

## A BHEITH CRUTHAITHEACH

This skill enables learners to develop their imagination and creativity as they explore different ways of doing things and of thinking. Students learn to stay with challenges or tasks to completion and to

## OBAIR LE DAOINE EILE

Cuireann an scil seo ar chumas foghlaimeoirí a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht a fhorbairt de réir mar a dhéanann siad cíoradh ar bhealaí éagsúla chun rudaí a dhéanamh agus chun

## EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACHT A BHAINISTIÚ

Cabhraíonn an scil seo le foghlaimeoirí dea-chaidrimh a fhorbairt agus léirthuiscint a chothú ar fhiúntas an chomhoibrithe i dtreo spriocanna pearsanta agus comhchoiteanna a bhaint amach. Foghlaimíonn scoláirí gur chóir meas a bheith acu ar an ilchineálacht agus gur chóir dóibh páirt a ghlacadh i gcomhoibriú d'fhonn an saol mór a fheabhsú.

# PRÍOMHCILEANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

## MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ

- Aithne a bheith agam orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú

## FANACHT FOLLÁIN

- A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach
- A bheith sóisialta
- A bheith slán sábháilte
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá an teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

## CUMARSÁID

- Éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Taibhiú agus cur i láthair
- Plé agus díospóireacht a dhéanamh
- Teanga a úsáid
- Uimhreacha agus sonraí a úsáid
- An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

## A BHEITH CRUTHAITHEACH

- Ag samhlú
- Roghanna a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh
- Ag foghlaim go cruthaitheach
- An cruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as an teicneolaíocht dhigiteach

## OBAIR LE DAOINE EILE

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibriú
- Meas a bheith agam ar an éagsúlacht
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Ag foghlaim le daoine eile
- Ag obair le daoine eile tríd an teicneolaíocht dhigiteach

## EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACHT A BHAINISTIÚ

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar mo chuid foghlama
- An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

# MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ

| Gnéithe | Torthaí foghlama / Is féidir liom.... |
|---|---|
| Aithne a bheith agam orm féin | • mo láidreachtaí agus laigí pearsanta a aithint<br>• sainaithint a dhéanamh ar na tionchair a chuireann cruth orm mar dhuine<br>• mo thuairimí agus mhothúcháin a chur in iúl go hiomchuí<br>• straitéisí a fhorbairt a chabhróidh liom fadhbanna agus deacrachtaí a shárú |
| Cinntí ciallmhara a dhéanamh | • an tábhacht a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar thoradh na gcinntí a dhéanaimse a thuiscint<br>• machnamh a dhéanamh ar roinnt iarmhairtí féideartha agus mé agus pleanáil agus ag cinneadh beart<br>• cluas a thabhairt do dhearcthaí éagsúla agus mé ag déanamh cíoradh ar mo roghanna<br>• beart gníomhaíochta a roghnú as bearta éagsúla agus míniú a thabhairt ar mo rogha<br>• pleananna a leagan amach i dtreo cinntí a rinne mé a chur i ngníomh |
| Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach | • spriocanna pearsanta a shocrú<br>• sainaithint a dhéanamh ar ar chóir dom a bheith agam chun mo spriocanna a bhaint amach<br>• cabhair a lorg agus tá a fhios agam an áit ina bhfuil cabhair ar fáil<br>• pleananna mionsonraithe a ullmhú<br>• foghlaim ó na gníomhartha a rinne mé cheana agus athruithe a dhéanamh más gá |
| A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | • spriocanna foghlama a shocrú agus measúnú a dhéanamh ar mo dhul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach<br>• glacadh le haiseolas maidir le mo chuid foghlama agus tairbhe a bhaint as<br>• measúnú a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin agus moltaí a thabhairt lena leasú |
| An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú | • úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla chun mo chuid foghlama a phleanáil agus a bhainistiú, agus d'fhonn dul i ngleic leis an bhfoghlaim sin<br>• tuairimí a chur in iúl, a chomhroinnt agus a chur i láthair trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach |

# FANACHT FOLLÁIN

| Gnéithe | Torthaí foghlama / Is féidir liom.... |
|---|---|
| A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach | • cinntí ciallmhara a dhéanamh faoi mo roghanna bia, cúraim phearsanta agus stíl mhaireachtála<br>• aire agus meas a léiriú maidir liomféin agus maidir le daoine eile<br>• úsáid a bhaint as straitéisí chun déileáil le fadhbanna pearsanta agus leis an strus<br>• leas a bhaint as teicnící scíthe agus aireachais<br>• páirt a ghlacadh in aclaíocht go rialta agus na buntáistí a bhaineann léi a thuiscint |
| A bheith sóisialta | • páirt a ghlacadh i mbearta a athraíonn mo scoil, mo phobal agus an saol mór chun feabhais<br>• mo chearta agus m'fhreagrachtaí mar shaoránach áitiúil agus domhanda a thuiscint<br>• cinntí a dhéanamh ar mhaithe leis 'an Leas Coiteann'<br>• sainaithint a dhéanamh ar na saintréithe caidreamh atá, agus nach bhfuil, dearfach<br>• caidrimh dhearfacha a chothú |
| A bheith slán sábháilte | • sainaithint a dhéanamh ar na hiarmhairtí dealraitheacha a leanfaí iompraíochtaí rioscúla agus mífholláine<br>• a thuiscint nuair atá mo shábháilteacht phearsanta faoi bhagairt agus is féidir liomfreagairt don chás sin go hiomchuí |
| A bheith spioradálta | • a thuiscint go bhfuil bealaí éagsúla ann chun spioradáltacht a chur in iúl<br>• meas a léiriú ar an saol, lena ilchineálacht iomlán, agus a thuiscint go bhfuil brí agus cuspóir leis<br>• ceisteanna a chur chun cur le mo thuiscint ar chruinneshamhlacha éagsúla |
| A bheith muiníneach | • a bheith dearfach fúm féin<br>• mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus a bhainistiú<br>• mo thuairimí agus mo chreidimh a chur in iúl go muiníneach ar bhealaí éagsúla<br>• páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht laistigh den ghrúpa ranga<br>• an fód a sheasamh in éadan tuairim an ghrúpa nuair is gá |
| A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | • taitneamh agus spraoi a bhaint as an bhfoghlaim<br>• foghlaim ó na botúin a dhéanaim agus leanúint ar aghaidh<br>• coinneáil le rudaí agus gach iarracht a dhéanamh go dtí go n-éiríonn liom<br>• mo ghnóthachtálacha a aithint agus a cheiliúradh |
| A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá an teicneolaíocht dhigiteach in úsáid | • sainaithint a dhéanamh ar chásanna ina gcuirtear mo shábháilteacht phearsanta agus sábháilteacht phearsanta daoine eile faoi bhagairt de dheasca na teicneolaíochta digití agus tuigim conas dul i ngleic leo<br>• meas a léiriú maidir le cearta agus freagrachtaí daoine eile i leith úsáid na teicneolaíochta digití<br>• mo phríobháideachas pearsanta a chosaint ar líne |

# CUMARSÁID

| Gnéithe | Torthaí foghlama / Is féidir liom.... |
|---|---|
| Éisteacht agus mé féin a chur in iúl | • éisteacht go gníomhach<br>• a gceapaim agus a smaoiníonn a chur in iúl go soiléir agus le tuin chuí<br>• aontú nó easaontú ar bhealach a léiríonn meas<br>• comharthaíocht agus léiriú  oiriúnach coirp a úsáid<br>• ceist dhea-cheaptha a chur agus éisteacht leis an bhfreagra uirthi<br>• stíleanna éagsúla cumarsáide a úsáid a oireann do chor na hócáide |
| Taibhiú agus cur i láthair | • mo chuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl trí bhíthin léirithe agus taibhléirithe ar nós na n-amharcealaíon, an cheoil, na drámaíochta, an dearaidh agus na grafaíochta<br>• roghanna a dhéanamh maidir leis na bealaí is fearr chun mo smaointe a chur i láthair dhaoine eile, ag coinneáil an lucht féachana i gcuimhne<br>• cumarsáid a dhéanamh ag baint leasa as réimse stíleanna, lena n-áirítear rólghlacadh, drámaíocht, póstaeir, agus insint scéalta |
| Plé agus díospóireacht a dhéanamh | • páirt a ghlacadh  go muiníneach i ndíospóireacht sa seomra ranga<br>• mo dhearcadh féin a chur in iúl, a mhíniú agus is féidir liom tacú leis<br>• freagairt d'argóintí in aghaidh mo dhearcaidh féin ar mhaithe le bheith cuiditheach |
| Teanga a úsáid | • stór focal leathan a thuiscint agus a úsáid<br>• labhairt agus scríobh ag úsáid abairtí dea-chumtha<br>• mo chuid scríbhneoireachta a chur in eagar, a cheartú agus a fheabhsú<br>• úsáid a bhaint as réimse foirmeacha scríbhneoireachta chun mo smaointe a léiriú |
| Uimhreacha agus sonraí a úsáid | • úsáid a bhaint as sonraí uimhriúla chun críocha éagsúla<br>• faisnéis agus sonraí a léiriú, a léirmhíniú agus a chur i gcomparáid lena chéile le cairteacha/léaráidí |
| An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh | • an teicneolaíocht a úsáid go cruthaitheach chun smaointe a chur i láthair, a roinnt agus chun caidreamh a chruthú le grúpaí éagsúla<br>• cinntí a dhéanamh faoi na bealaí cumarsáide is iomchuí chun críocha éagsúla<br>• meas a léiriú agus a bheith freagrach i mo chuid cumarsáide digití agus ar líne |

# A BHEITH CRUTHAITHEACH

| Gnéithe | Torthaí foghlama / Is féidir liom.... |
|---|---|
| Ag samhlú | • leas a bhaint as slite foghlama éagsúla chun cabhrú le forbairt mo shamhlaíochta<br>• na bealaí a d'fhéadfainn an saol mór a athrú chun feabhais a shamhlú<br>• inspioráid a thógáil ó mhisneach agus ó shamhlaíocht daoine eile<br>• mo mhothúcháin, mo smaointe, agus m'idéanna a chur in iúl trí ghluaiseacht, scríbhneoireacht, cheol, ealaín, insint scéalta, dhrámaíocht agus trí mhodhanna samhlaíocha léirithe |
| Roghanna a fhiosrú | • machnamh a dhéanamh ar fhadhb agus dul i ngleic léi céim ar chéim<br>• triail a bhaint as cineálacha éagsúla cur chuige agus mé ag obair ar thasc agus an cur chuige is fearr a mheas<br>• dul sa tóir ar dhearcthaí agus ar thuairimí éagsúla agus iad a chur faoi chaibidil go cúramach<br>• cásanna éagsúla a shamhlú agus torthaí éagsúla orthu a réamh-mheas<br>• dul i riosca, agus foghlaim uaidh nuair a dhéanaim botún nó nuair a theipeann orm<br>• an beart ar fad a dhéanamh arís ó thús más gá |
| Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh | • triail a bhaint as smaointe<br>• cíoradh a dhéanamh ar smaointe agus ar bhearta éagsúla<br>• bearta a chur i gcrích |
| Ag foghlaim go cruthaitheach | • páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar bhealaí cruthaitheacha<br>• bealaí cruthaitheacha a mholadh a d'fhéadfadh cúnamh a thabhairt dom tuilleadh a fhoghlaim<br>• feidhm a bhaint as réimse uirlisí foghlama a chuireann ar mo chumas bheith cruthaitheach |
| An cruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as an teicneolaíocht dhigiteach | • a bheith nuálach agus cruthaitheach i leith leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun foghlaim, chun smaoineamh agus chun mé féin a chur in iúl<br>• na féidearthachtaí a chur faoi chaibidil i ndáil le teicneolaíochtaí agus meáin dhigiteacha éagsúla a úsáid i dteannta a chéile chun cabhrú liom machnamh, fadhbanna a réiteach agus smaointe a chur in iúl<br>• réada meáin dhigitigh a chruthú a léiríonn cruthaitheacht agus samhlaíocht i ndáil leis an bhfoghlaim a chur i láthair |

# OBAIR LE DAOINE EILE

| Gnéithe | Torthaí foghlama / Is féidir liom.... |
|---|---|
| An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint | • mo smaointe a roinnt go hionraic agus go híogair<br>• mo mhothúcháin a ainmniú, a chur in iúl agus a bhainistiú go hiomchuí<br>• meas a léiriú ar dhearcthaí agus ar thuairimí éagsúla<br>• coinbhleachtaí a sheachaint agus a bhainistiú<br>• moladh agus critic a thabhairt agus a fháil go cuiditheach |
| Ag comhoibriú | • róil éagsúla a ghlacadh laistigh de ghrúpaí<br>• spriocanna comhchoiteanna a chomhaontú agus oibriú as láimh a chéile le daoine eile i dtreo spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach<br>• a bheith solúbtha agus toilteanach teacht ar chomhghéilleadh chun sprioc chomhchoiteann a bhaint amach<br>• buíochas a ghabháil le baill eile na foirne as aon ionchur uathu<br>• bheith rannpháirteach mar bhall an ghrúpa agus cinntí á ndéanamh |
| Meas a bheith agam ar an éagsúlacht | • meas a léiriú ar chomhchosúlachtaí agus ar éagsúlachtaí daoine eile bheith ina ghné luachmhar den saol<br>• meas a léiriú ar dhaoine eile a bhfuil cultúir éagsúla, cúlraí éagsúla, creidimh éagsúla agus claonadh gnéis éagsúil acu<br>• a léiriú go bhfuil mé toilteanach foghlaim ó dhaoine éagsúla |
| Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan | • mo chumas chun athrú a dhéanamh ar an saol mór a chreidiúint<br>• smaoineamh go grinn ar an saol agus ar fhadhbanna uile an tsaoil agus réitigh a mholadh<br>• a bheith rannpháirteach sa phobal lena mbainim — lena n-áirítear mo theaghlach, mo scoil, mo phobal áitiúil, an pobal domhanda, agus an pobal fíorúil — ar mhaithe leis an saol mór a fheabhsú<br>• naisc a chothú le daoine eile atá ag iarraidh athrú dearfach a dhéanamh |
| Ag foghlaim le daoine eile | • oibriú as láimh a chéile le páirtí ranga nó i ngrúpaí níos mó chun cabhrú lena chéile agus muid ag foghlaim<br>• cabhrú le scoláirí eile fadhbanna a thuiscint agus a réiteach<br>• a aithint gur féidir le go leor daoine éagsúla tacú le mo chuid foghlama agus tuigim conas teacht ar an tacaíocht sin |
| Ag obair le daoine eile tríd an teicneolaíocht dhigiteach | • an fhoghlaim chomhoibríoch a léiriú trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach<br>• úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim chomhoibríoch agus i spásanna cumarsáide<br>• meas a léiriú ar chearta agus ar mhothúcháin dhaoine eile agus mé ag úsáid na meán digiteach |

# EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACHT A BHAINISTIÚ

| Gnéithe | Torthaí foghlama / Is féidir liom.... |
|---|---|
| A bheith fiosrach | • dul sa tóir ar bhealaí úra agus éagsúla i dtaca le ceisteanna a fhreagairt agus fadhbanna a réiteach<br>• ceisteanna a chur chun faisnéis níos doimhne a fháil<br>• dul sa tóir ar eispéiris nua a spreagann mé chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a smaoiním fúm féin agus faoin saol mór |
| Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas | • sainaithint a dhéanamh ar an méid a bhfuil mé ar an eolas faoi cheana agus ar an réimse leathan faisnéise atá ar fáil dom<br>• réimse straitéisí a chur i ngníomh chun faisnéis agus sonraí a aimsiú<br>• anailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí a leagtar amach i gcineálacha éagsúla<br>• measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na faisnéise agus na sonraí sin agus ar a bhfoinsí<br>• cinntí a dhéanamh ar cé chomh bailí agus iontaofa is atá an fhaisnéis sin<br>• faisnéis agus sonraí a ullmhú agus a eagrú ionas gur féidir liomsa agus le daoine eile ciall a bhaint as |
| Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil | • smaointe agus toimhdí a cheistiú, idir mo chinn féin agus cinn daoine eile<br>• meastacháin agus tuartha a dhéanamh agus iad a chur i gcomparáid le cinn daoine eile<br>• naisc a chruthú idir an méid atá ar eolas agam cheana agus faisnéis nua<br>• mo chuid smaointeoireachta a choigeartú tar éis d'fhaisnéis úr teacht chun solais |
| Machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar mo chuid foghlama | • machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar mo dhul chun cinn<br>• sainaithint a dhéanamh ar bhaic agus ar bhacainní in aghaidh m'fhoghlama agus bealaí a mholadh chun iad a shárú<br>• spriocanna réadúla a shocrú<br>• úsáid a bhaint as réimse uirlisí chun cabhrú le mo chuid foghlama a bhainistiú<br>• a chreidiúint i gcónaí go n-éireoidh liom má dhéanaim mo dhícheall |
| An teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt | • faisnéis a dtagaim uirthi i bhformáidí éagsúla digiteacha a fhoinsiú, a chomhroinnt agus a mheas<br>• úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun cur le mo chuid smaointeoireachta agus faisnéis a fhoinsiú<br>• a thuiscint cén chaoi inneachar a úsáid agus a chur i láthair ar bhealaí éagsúla ach meas a léiriú don chóipcheart ag an am céanna<br>• úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla agus uirlisí meáin dhigitigh i ndáil le haiseolas a thabhairt agus a fháil |

CNCM, 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, Éire. Teileafón: +353 1 661 7177,
Facs: +353 1 661 7180, Rphost: info@ncca.ie

© CNCM, 2012

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment